C/2024/1994

18.3.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 30 Eanáir 2024 (iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Bhulgáir) – NG v Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri Ministerstvo na vatreshnite raboti – Sofia**

**(Cás C-118/22, Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri MVR – Sofia) (1)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil chun cionta coiriúla a chomhrac – Treoir (AE) 2016/680 – Airteagal 4(1)(c) agus (e) – Íoslaghdú sonraí – Teorannú stórála – Airteagal 5 – Teorainneacha ama iomchuí don léirscriosadh nó chun athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an ngá le stóráil – Airteagal 10 – Próiseáil sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha – Géarghá – Airteagal 16(2) agus (3) – Ceart go ndéanfaí léirscriosadh – Srian a chur ar phróiseáil – Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Duine nádúrtha a ciontaíodh le breithiúnas críochnaitheach agus a ndéantar an taifead coiriúil sin a ghlanadh ina dhiaidh sin – Tréimhse choinneála sonraí go bás – Easpa cirt go ndéanfaí léirscriosadh nó go gcuirfí srian ar phróiseáil – Comhréireacht)***

(C/2024/1994)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NG

*Cosantóir:* Direktor na Glavna direktsia 'Natsionalna politsia' pri MVR – Sofia

*Idiragraí:* Varhovna administrativna prokuratura

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 4(1)(c) agus (e) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 5 agus 10, Airteagal 13(2)(b) agus Airteagal 16(2) agus (3) den Treoir sin agus i bhfianaise Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go ndéanfaidh na húdaráis phóilíneachta sonraí pearsanta, go háirithe sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha, a stóráil, chun críocha cionta coiriúla a chosc, chun cionta coiriúla a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a chur i bhfeidhm, a bhaineann le daoine a bhí ina n ábhar do chiontú coiriúil críochnaitheach i gcion coiriúil intinniúil a thagann faoi raon feidhme an ionchúisimh phoiblí, agus go dtí go bhfaighidh an t ábhar sonraí bás, lena n áirítear i gcás athinmheacháin an ábhair sonraí, gan oibleagáid a chur ar an rialaitheoir athbhreithniú rialta a dhéanamh an bhfuil gá atá leis an stóráil sin i gcónaí nó gan an ceart chun na sonraí sin a léirscriosadh a dheonú don duine sin, ós rud é nach gá iad a stóráil a thuilleadh chun na críocha sin a bhaint amach ar chucu a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, nó, i gcás inarb iomchuí, srian a chur ar phróiseáil na sonraí sin.

---

(1) IO C 191, 10.5.2022.